2025/2627

23.12.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2627 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Samhain 2025

maidir le cionroinnt deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025—2032)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2017, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2017/418 [1] maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook [2] ('an Comhaontú'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 10 Bealtaine 2017.

(2) Chuaigh an prótacal roimhe seo maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe in éag an 16 Nollaig 2024.

(3) An 23 Meán Fómhair 2024, d'údaraigh an Chomhairle an Coimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Rialtas Oileáin Cook le haghaidh prótacal nua maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe. Tugadh an chaibidlíocht i gcrích go rathúil an 20 Meitheamh 2025, trí inisealacha a chur leis an bPrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) ('an Prótacal').

(4) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/2625 ón gComhairle [3],síníodh an Prótacal an 9 Nollaig 2025, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí.

(5) Na deiseanna iascaireachta dá bhforáiltear sa Phrótacal, ba cheart iad a chionroinnt ar na Ballstáit ar feadh na tréimhse iomláine a chuirfear an Prótacal i bhfeidhm.

(6) I bhfianaise na tábhachta eacnamaíche a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta an Aontais i limistéar iascaireachta Oileáin Cook agus an ghá atá ann an t-am a chuirtear isteach ar na gníomhaíochtaí sin a íoslaghdú, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(7) Foráiltear le hAirteagal 13 den Phrótacal do chur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail ó dháta a shínithe chun go bhféadfaidh soithí de chuid an Aontais gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta céanna sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar aa deiseanna iascaireachta a leagtar amach sa Phrótacal maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032) a chionroinnt ar na Ballstáit mar a leanas:

Soithí peas-saighne tuinníní:

— an Spáinn: trí shoitheach

— an Fhrainc: soitheach amháin.

[1] Cinneadh (AE) 2017/418 ón gComhairle an 28 Feabhra 2017 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook agus an Phrótacail Cur Chun Feidhme a ghabhann leis (IO L 64, 10.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/418/oj).

[2] IO L 131, 20.5.2016, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2016/776/oj.

[3] Cinneadh (AE) 2025/2625 ón gComhairle an 12 Samhain 2025 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Phrótacail maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Rialtas Oileáin Cook (2025-2032)(IO L, 2025/2625, 23.12.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2625/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 9 Nollaig 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

J. JENSEN